

Bun is Lorg an Chaiteachais

Is mian le In. Ní Fhuaruisce go smaoinodh a cuid scoláirí ar a gcuid nósanna caiteachais mar sin de iarrann sí ar an rang ransú smaointe a dhéanamh i ngrúpaí beaga, agus gach rud a gcaitheann siad airgead air a scríobh síos. Comhroinneann sí na hintinní foghlama agus na critéir ratha leis an rang. Ansin iarrann sé orthu an liosta sin a rangú ina dhá cholún: caiteachas laethúil agus caiteachas le haghaidh ‘ócáidí speisialta’ (m.s. laethanta breithe). Baineann sí úsáid as an eolas sin chun na coincheapa caiteachas seasta, neamhrialta agus lánroghnach a mhíniú agus seiceálann sí go dtuigeann siad iad.

Iarrann an múinteoir ar na scoláirí a shamhlú go bhfuil buiséad de €200 acu ar feadh seachtaine a gcaithfidh siad maireachtáil air. Iarrann sí orthu nóta a bhreacadh síos de gach rud a gcaithfeadh siad airgead air agus a liosta a roinnt leis an té atá lena dtaobh. Ansin iarrann sí orthu straitéis smaoinigh-péireáil-roinn a úsáid chun liosta a dhéanamh de na rudaí a gcaithfeadh a gcuid tuismitheoirí an €200 air. Stiúránn sí plé ansin ar an difríocht sa chaiteachas, ag leagan béim ar cheisteanna buiséid amhail billí fónais and an gá le coigilt gach áit ar féidir.

Is mian le In. Ní Fhuaruisce anois go mbreathnódh na scoláirí air seo ar fad i dtéarmaí teaghlaigh. Dáileann sí admhálacha agus billí réamhullmhaithe neamh-inaitheanta do chaiteachas ginearálta teaghlaigh amhail fónais, earraí grósaera agus laethanta saoire. Iarrann sí ar na scoláirí iad sin a rangú ina dtrí ghrúpa: seasta, neamhrialta agus lánroghnach ar smeach-chairt. Nuair a bhíonn sé sin curtha i gcrích acu, bíonn deis acu ansin cuairt a thabhairt ar na boird eile lena gcuid oibre a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, agus le haon athrú a dhéanamh ar a gcuid smeach-chairteacha féin. Fíoraíonn an múinteoir an rangú a rinneadh.

